# Post mar *au pair*

- **Tá Siobhán ag cur isteach ar phost chun aire a thabhairt do bheirt pháistí.**
- **Seo thíos an ríomhphost a chuir sí chuig Bean Uí Chearúil agus an freagra a fuair sí ar ais.**
- **Líon isteach na bearnaí leis na focail chuí ón gciorcal.**
- **Tá gluais ag bun an leathanaigh chun cabhrú leat.**

**cócaireacht** **ceadúnas tiomána**
**carr** **linn snámha**
**ríomhaireachta** **bua** **Gaeilge** **páistí óga**
**Fraincise**

**Ó:** Siobhán Ní Riain <s.ni.riain84@eircom.net>
**Ábhar:** Post mar *au pair* don samhradh
**Dáta:** 11 Bealtaine 20012
**Chuig:** Therese Uí Chearúil <Theresecearúil@iol.ie>

A dhuine uasail,
Is mac léinn ____________ agus ____________ mé in Ollscoil na Gaillimhe. Tá deartháir agus deirfiúr óg agam agus is breá liom ___________. Tá scileanna _____________ agam agus tá mé sásta na scileanna sin a mhúineadh do na páistí. Tá mé go maith ag______________ freisin má tá cabhair ag teastáil sa chistin!

Ag súil le cloisteáil uait,
Is mise le meas,

Siobhán Ní Riain.

**Ó:** Therese Uí Chearúil <Theresechearúil@iol.ie>
**Ábhar: Re:** Post mar au pair don samhradh
**Dáta:** 12 Bealtaine 2009
**Chuig:** Siobhán Ní Riain <s.ni.riain84@eircom.net>

A Shiobhán, a chara,
Go raibh maith agat as do theachtaireacht. Ta brón orm ach tá duine ag teastáil a bhfuil ______________ _____________ aige/aici agus _______ chun na páistí a thiomáint chuig an __________ _____________ gach maidin. Tá suim ag na páistí sa cheol freisin agus tá súil againn duine a fháil a bhfuil __________ an cheoil acu chun cabhrú leo.

Go n-éirí leat!
Le meas,

Therese Bn Uí Chearúil

**mac léinn – *student***
**a mhúineadh – *to teach***
**cabhair – *help***

**do theachtaireacht – *your message***
**tá brón orm – *I'm sorry***
**tá súil againn – *we hope***

# Post mar au pair
# Foclóir an tsleachta

1. Scríobh aon fhoclóir nua ón script ar mhaith leat a fhoghlaim anseo:

    ______________________________________________

    ______________________________________________

    Déan iarracht an foclóir sin a chur in abairtí gearra.

    ______________________________________________

    ______________________________________________

    ______________________________________________

2. Cad iad na scileanna atá tú sásta a mhúineadh? Scríobh cúpla abairt síos. Mar shampla: Tá mé sásta tiomáint a mhúineadh.

    ______________________________________________

    ______________________________________________

    ______________________________________________

3. Cruthaigh seoladh ríomhphoist as Gaeilge. Bain úsáid as aon fhoclóir atá foghlamtha agat go dtí seo. Úsáid do shamhlaíocht. Beidh duais don cheann is fearr! Mar shampla: cailíniontach@ismaithliomgaeilge.ie

4. Ba mhaith le Therese Uí Chearúil duine a bhfuil bua an cheoil aige. Freagair na ceisteanna seo a leanas. Cad é an freagra ar *An bhfuil?*

| | **Mé féin** |
|---|---|
| **a.** An bhfuil bua an cheoil agat? | ______ |
| **b.** An bhfuil bua an spóirt agat? | ______ |
| **c.** An bhfuil bua na hamhránaíochta agat? | ______ |
| **d.** An bhfuil bua na cócaireachta agat? | ______ |
| **e.** An bhfuil bua na cainte agat? | ______ |